CCCSÉ
Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann

ISSCOP
Irish Statistical System Code of Practice


# 'Nuashonrú Bliantúil 2020 – Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann'

Is é seo an tuarascáil bhliantúil 2020 faoi Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (ISSCoP). Léirigh paindéim COVID-19 gur sócmhainn náisiúnta iad sonraí na hearnála poiblí agus léirigh sé go soiléir an luach a bhaineann le sonraí agus anailís sonraí chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise. Maidir leis seo, tá ISSCoP ríthábhachtach chun rialachas agus cáilíocht Staidreamh Oifigiúil na hÉireann a neartú tuilleadh.

Bunaíodh an Stiúrthóireacht um Chomhordú an Chórais Staidrimh sa Phríomh-Oifig Staidrimh i lár na bliana 2016 agus cuireadh de chúram uirthi creat comhordúcháin riachtanach a chruthú a thacaíonn leis an gcóras staidrimh níos leithne, cuidiú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh a ceanglais náisiúnta (An tAcht um Staidreamh, 1993) agus ceanglais reachtacha an AE (Rialachán (CE) 223/2009 arna Leasú) a chomhlíonadh feasta. Le linn 2020, rinne an Stiúrthóireacht tuilleadh forbartha ar bhealaí chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an ISSCoP ag tiomsaitheoirí Staidreamh Oifigiúil agus ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais um Staidreamh Eorpach ag tiomsaitheoirí Staidrimh Eorpaigh.

Bhí an-chomhoibriú idir an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Rialtais maidir le tiomantas do dhea-chleachtas a chothú i dtáirgeadh Staidreamh Oifigiúil faoi ISSCoP. Le linn na bliana, bronnadh an deimhniú ISSCoP ar Mhonatóir Fioscach na Roinne Airgeadais (ó thaobh faoin Státchiste) agus bhí ceithre eagraíocht déag eile páirteach sa phróiseas deimhniúcháin.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh an-bhuíoch as an tacaíocht leanúnach a fuair sí arís le linn 2020 ó chomhghleacaithe ar fud na seirbhíse poiblí maidir le cur i bhfeidhm an tionscnaimh thábhachtaigh seo. Neartaíonn an tacaíocht seo Córas Staidrimh na hÉireann. Thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh leis an gcomhoibriú seo lenár gcomhpháirtithe go léir sna blianta amach romhainn.



Pádraig Dalton

Ard-Stiúrthóir

An Phríomh-Oifig Staidrimh